Trí scéal nuachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thrí scéal dhifriúla. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

i. Ar chuala tú faoin timpiste bhóthair ba mheasa i stair an stáit?

ii. Cén Ghaeilge atá ar an DUP (*Democratic Unionist Party*). Tabhair buille faoi thuairim mura bhfuil tú cinnte.

iii. An nglacann a lán polaiteoirí breabanna sa lá atá inniu ann, dar leat?

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail/frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- was charged
- 4 years suspended
- the Court of Appeal
- he pleaded guilty
- dangerous driving
- leadership of the party
- Assembly
- MP
- that will succeed Peter Robinson
- lobby
- recording
- Investigations Unit

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus scríobh achoimre ghearr ar na trí scéal.

Scéal 1

Scéal 2

Scéal 3

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 4 '…ar fionraí...' ach '…ar bhóthar…'

1. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus mínígí cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'bóthar' ach nach bhfuil ar 'fionraí'?

2. Anois déanaigí iarracht na cinn seo a dhéanamh:

ar (ball) _____
ar (deireadh) _____
ar (cat) _____
ar (meisce) _____
ar (Peadar) _____
ar (díol) _____
ar (ceal) _____
ar (tosach) _____
ar (tosach) an tslua _____
ar (foirgneamh) _____

Ceist 5 '…ochtar…' agus '…triúr polaiteoirí…'

Na huimhreacha pearsanta a thugtar ar na huimhreacha a úsáidtear chun daoine a chomhaireamh.

Líon na bearnaí leis an uimhir phearsanta chuí:

1. duine amháin
2. beirt
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____
7. _____
8. _____
9. _____
10. _____

Líon na bearnaí sa bhosca leis an bhfoirm cheart de gach ainmfhocal, chun na rialacha a bhaineann leis na huimhreacha pearsanta a chur in iúl. Tá sampla amháin déanta.

	_____ amháin	**beirt**	**triúr-deichniúr**
múinteoir	*múinteoir amháin*	*beirt mhúinteoirí*	*triúr múinteoirí*
mac			
iníon			
deirfiúr			
páiste			

Ceist 6 Cuir na focail agus na frásaí in abairtí lena mbrí a mhíniú:

- mar gheall ar
- ciontach
- mar thoradh ar
- éirigh as
- as ucht

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc, nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

(DUP – an Páirtí Aontachtach Daonlathach)

Ceist 2
Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

- was charged – *gearradh … ar*
- 4 years suspended – *ceithre bliana ar fionraí*
- the Court of Appeal – *an Chúirt Achomhairc*
- he pleaded guilty – *phléadáil sé ciontach*
- dangerous driving – *tiomáint chontúirteach*
- leadership of the party – *ceannaireacht an Pháirtí*
- Assembly – *Comhthionól*
- MP – *Feisire*
- that will succeed Peter Robinson – *a thiocfaidh i gcomharbacht ar P. Robinson*
- lobby – *stocaireacht*
- recording – *taifeadadh*
- Investigations Unit – *Aonad Fiosrúcháin*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
- ✓ Leanann séimhiú ***ar*** nuair atá suíomh nó ionad áirithe i gceist:
  ar Chaitlín, ar thábla, ar bhóthar
- ✓ Ní leanann séimhiú ***ar*** nuair a chuirtear staid nó coinníoll in iúl:
  ar buile, ar fionraí
- ✓ Ní leanann séimhiú ***ar*** nuair atá ionad ginearálta i gceist:
  ar muir, ar bord
- ✓ Ní leanann séimhiú ***ar*** nuair atá am i gceist:
  ar maidin

ar (ball)	*ar ball*
ar (deireadh)	*ar deireadh*
ar (cat)	*ar chat*
ar (meisce)	*ar meisce*
ar (Peadar)	*ar Pheadar*
ar (díol)	*ar díol*
ar (ceal)	*ar ceal*
ar (tosach)	*ar tosach*
ar (tosach) an tslua	*ar thosach an tslua*
ar (foirgneamh)	*ar fhoirgneamh*

Ceist 5
1. duine amháin
2. beirt
3. triúr
4. ceathrar
5. cúigear
6. seisear
7. seachtar
8. ochtar

9. naonúr
10. deichniúr

	_____ **amháin**	**beirt**	**triúr-deichniúr**
múinteoir	*múinteoir amháin*	*beirt mhúinteoirí*	*triúr múinteoirí*
mac	*mac amháin*	*beirt mhac*	*ceathrar mac*
iníon	*iníon amháin*	*beirt iníonacha*	*naonúr iníonacha*
deirfiúr	*deirfiúr amháin*	*beirt deirfiúracha*	*seisear deirfiúracha*
páiste	*páiste amháin*	*beirt pháistí*	*ochtar páistí*

Baintear úsáid as an tuiseal ginideach iolra den ainmfhocal tar éis na n-uimhreacha pearsanta. Séimhítear an t-ainmfhocal tar éis 'beirt' ach amháin má thosaíonn an t-ainmfhocal le **d**, **t** nó **s**.

Ceist 6
Pléigh na habairtí a bhí ag na foghlaimeoirí.

- mar gheall ar – *about*
- ciontach – *guilty*
- mar thoradh ar – *as a result of*
- éirigh as – *retire, give up*
- as ucht – *for the sake of, in return for*

Eimear Ní Chonaola

Scéal 1
Gearradh pionós nua, ocht mbliana príosúin, ceithre bliana ar fionraí, ar Shaun Kelly atá seacht mbliana is fiche mar gheall ar an timpiste bhóthair ba mheasa a tharla sa tír seo ó bunaíodh an stát. Rialaigh an Chúirt Achomhairc go raibh an chéad phionós a gearradh air róbhog.

Maraíodh ochtar ar fad sa timpiste i mí Iúil 2010, i gContae Dhún na nGall. Phléadáil Shaun Kelly ciontach i dtiomáint chontúirteach a raibh bas ochtar mar thoradh air, ar bhóthar idir Cluain Maine agus Bun Cranncha.

Scéal 2
D'fhógair Nigel Dodds ón DUP tráthnóna nach mbeadh sé ag cur a ainm chun cinn do cheannaireacht an Pháirtí nuair a éireoidh Peter Robinson as go hoifigiúil, ag tús na bliana seo chugainn. D'éirigh Nigel Dodds as Comhthionól Stormont cúig bliana ó shin. Is Feisire i bParlaimint Westminster é i gcónaí, ach dúirt sé tráthnóna nár chreid sé go bhféadfadh sé a bheith i gceannas ar an DUP mura raibh sé i Stormont. Meastar anois gurb í Arlene Foster, an tAire Airgeadais i Stormont, a thiocfas[1] i gcomharbacht ar Peter Robinson.

Scéal 3
Thairg triúr polaiteoirí stocaireacht a dhéanamh ar son comhlacht muilte gaoithe ach buntáiste éigint[2] a bheith ann dóibh féin. D'iarr na polaiteoirí airgead nó iasacht nó geallúint[3] ar infheistíocht as ucht stocaireacht a dhéanamh.

Deineadh[4] taifeadadh ar na polaiteoirí go rúnda mar chuid de chlár teilifíse atá déanta ag aonad fiosrúcháin RTÉ, a chraolfar anocht.

[1] *a thiocfaidh* an leagan caighdeánach de réir an CO (1958); tugtar aitheantas don leagan *a thiocfas* sa COA (2012)
[2] *éigin* an leagan caighdeánach
[3] *gealltanas* an leagan caighdeánach
[4] *rinneadh* an leagan caighdeánach de réir an CO (1958); tugtar aitheantas don leagan *deineadh* sa COA (2012)